Uimhir 11 *de* 2016

AN tACHT UM SHAOIRE AGUS SOCHAR ATHARTHACHTA, 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Rialacháin
4. Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a bheith ar neamhní nó a mhodhnú
5. Caiteachais

CUID 2

SAOIRE ATHARTHACHTA

6. Teideal chun saoire atharthachta
7. Fógra d'fhostóir
8. Saoire atharthachta a chur in áirithe
9. Tús saoire atharthachta (luí seoil luath)
10. Saoire atharthachta a iarchur
11. Saoire atharthachta a iarchur i gcás tuismitheoir iomchuí a bheith breoite
12. Saoire atharthachta a iarchur i gcás leanbh a bheith san ospidéal
13. Tuismitheoir iomchuí lena mbaineann alt 16 d'Acht 1994
14. Tuismitheoir iomchuí lena mbaineann alt 9 d'Acht 1995
15. Teideal tuismitheora mharthanaigh fhostaithe chun saoire ar bhás tuismitheora iomchuí

16. Saoire atharthachta a mhí-úsáid

17. Taifid a chothabháil

CUID 3

Cosaint Fostaíochta

18. Léiriú (*Cuid 3*)

19. Cearta a chaomhnú nó a fhionraí le linn a bheith ar shaoire atharthachta

20. Foirceantaí airbheartaithe áirithe fostaíochta, etc., a bheith ar neamhní

21. Fógraí áirithe foirceanta fostaíochta nó fionraíochtaí áirithe a fhadú

22. Fostaithe a chosaint ar phionósú

23. Ceart ginearálta chun filleadh ar obair ar dhul in éag do shaoire atharthachta

24. Fógra á rá go bhfuil sé ar intinn filleadh ar obair

25. Filleadh ar obair a iarchur

26. Forálacha a bhfuil feidhm acu i gcás nach gceadaítear d'fhostaí filleadh ar obair

CUID 4

Díospóidí a Réiteach

27. Díospóidí maidir le teidil faoin Acht

28. Breith faoi alt 41 nó 44 d'Acht 2015

29. Dualgas cruthúnais

CUID 5

Sochar Atharthachta

30. Leasú ar alt 39 d'Acht 2005

31. Sochar atharthachta

CUID 6

Ilghnéitheach

32. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

33. Leasú ar alt 6 d'Acht 1977

34. Leasú ar Acht 1994

35. Leasú ar Acht 1995

36. Leasú ar alt 126 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

37. Leasú ar Acht 2015

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Uchtála, 2010 (Uimh. 21)

An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 (Uimh. 2)

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 (Uimh. 9)

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)

An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)

Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)

An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Uimh. 21)

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (Uimh. 34)

Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 (Uimh. 4)

Petty Sessions (Ireland) Act, 1851 (14 & 15 Vict., c.93)

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (Uimh. 29)

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 (Uimh. 13)

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Uimh. 21)

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10)

An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16)

Uimhir 11 *de* 2016

AN tACHT UM SHAOIRE AGUS SOCHAR ATHARTHACHTA, 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do thabhairt teideal chun saoire fostaíochta d'fhostaithe áirithe atá ina dtuismitheoirí iomchuí i ndáil le leanbh d'fhonn a chumasú don fhostaí cúram a sholáthar, nó cúnamh a thabhairt chun cúram a sholáthar, don leanbh nó tacaíocht a sholáthar do thuismitheoir uchtála iomchuí nó do mháthair an linbh, de réir mar a bheidh, nó d'fhonn an dá rud sin a dhéanamh; do thabhairt teideal chun saoire fostaíochta do thuismitheoir marthanach ar bhás tuismitheora iomchuí; do leathnú na cosanta ar dhífhostú éagórach a thugtar leis an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977; do dhéanamh socrú maidir le sochar atharthachta a íoc le daoine áirithe agus, chun na críche sin, do leasú an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[27 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *Cuid 5,* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir críoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Tiocfaidh *Cuid 5* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir críoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

2. (1) San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1977" an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977;

ciallaíonn "Acht 1994" an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994;

ciallaíonn "Acht 1995" an tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995;

ciallaíonn "Acht 2005" an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht Uchtála, 2010;

ciallaíonn "Acht 2015" an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015;

tá le "saoire uchtaíoch bhreise" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995;

tá le "saoire mháithreachais bhreise" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1994;

ciallaíonn "oifigeach breithniúcháin" duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 40 d'Acht 2015;

tá le "máthair uchtála" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995;

tá le "saoire uchtaíoch" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995;

ciallaíonn "deimhniú breithe" doiciméad arna eisiúint faoi alt 13(4) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004;

tá le "deimhniú suímh" an bhrí a shanntar dó le halt 13 d'Acht 1995;

forléireofar "páirtnéir sibhialta" de réir alt 3 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

forléireofar "comhchónaitheoir" de réir alt 172(1) den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn "conradh fostaíochta", faoi réir *fho-alt (2)*—

(a) conradh seirbhíse nó printíseachta, nó

(b) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta, de réir bhrí alt 2 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, á sheoladh aige nó aici agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do dhuine eile (cibé acu is páirtí sa chonradh an duine eile sin nó nach ea),

cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, más conradh sainráite é, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

forléireofar "dáta luí seoil" de réir alt 51(1)(b) d'Acht 2005;

ciallaíonn "lá suímh" an lá a dhéantar leanbh, atá uchtaithe nó atá le huchtú, a shuíomh go fisiciúil faoi chúram an tuismitheora uchtála iomchuí d'fhonn an leanbh a uchtú nó, i gcás uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát i gcás nach ndearnadh an leanbh a shuíomh faoi chúram an tuismitheora uchtála iomchuí roimhe sin, an lá a dhéantar an leanbh a shuíomh amhlaidh tar éis na huchtála;

tá le "dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta" an bhrí chéanna atá leis in Acht 2010;

tá le "Ard-Stiúrthóir" an bhrí chéanna atá leis in Acht 2015;

tá le "máthair uchtála fhostaithe" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995;

ciallaíonn "fostaí", seachas in *alt 29*, duine d'aois ar bith a rinne conradh fostaíochta nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d'oibrigh faoi chonradh fostaíochta) agus folaíonn sé fostaí páirtaimseartha agus fostaí téarma shocraithe;

maidir le "fostóir"—

(a) ciallaíonn sé, i ndáil le fostaí, an duine lena ndearna an fostaí conradh fostaíochta nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena ndearna an fostaí conradh fostaíochta nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), faoi réir an agúis go measfar gurb é nó gurb í fostóir na pearsan aonair an duine a dhlíonn, faoi chonradh fostaíochta dá dtagraítear i *mír (b)* den mhíniú ar chonradh fostaíochta, luach saothair na pearsan aonair lena mbaineann a íoc i leith na hoibre nó na seirbhíse lena mbaineann, agus

(b) folaíonn sé, i ndáil le fostaí, más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

tá le "achtachán" an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005;

tá le "seachtain thuartha luí seoil" an bhrí a shanntar dó le halt 47(1)(a) d'Acht 2005;

tá le "fostaí téarma shocraithe" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;

tá le "uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát" an bhrí chéanna atá leis in Acht 2010;

ciallaíonn "Cúirt Oibreachais" an comhlacht a bunaíodh le halt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946;

tá le "saoire mháithreachais" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1994;

ciallaíonn "Aire" an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

tá le "fostaí páirtaimseartha" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;

tá le "saoire atharthachta" an bhrí a shanntar dó le *halt 6(1)*;

tá le "lia-chleachtóir cláraithe" an bhrí chéanna atá leis in Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;

ciallaíonn "tuismitheoir uchtála iomchuí", i ndáil le leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú—

(a) i gcás leanbh dá dtagraítear i *mír (a)(i)* den mhíniú ar thuismitheoir iomchuí, céile an tuismitheora iomchuí i ndáil leis an leanbh sin,

(b) máthair uchtála an linbh, nó

(c) fear-uchtaitheoir aonair an linbh;

ciallaíonn "fianaise iomchuí", i ndáil le fostaí, deimhniú liachta a bheidh sínithe ag liachleachtóir cláraithe;

ciallaíonn "tuismitheoir iomchuí", i ndáil le leanbh, duine (seachas máthair an linbh)—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú—

(i) más rud é go bhfuil an leanbh uchtaithe, nó go bhfuil an leanbh le huchtú, i gcomhpháirt ag lánúin phósta den ghnéas céanna, arb é nó í an céile arna roghnú ag an lánúin sin chun bheith ina thuismitheoir iomchuí nó ina tuismitheoir iomchuí chun críocha an Achta seo é nó í, nó

(ii) in aon chás eile, arb é nó í céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, mháthair uchtála nó fhear-uchtaitheoir aonair an linbh é nó í,

nó

(b) in aon chás eile—

(i) arb é athair an linbh é,

(ii) arb é nó í céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, mháthair an linbh é nó í, nó

(iii) is tuismitheoir leis an leanbh faoi alt 5 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 i gcás gur leanbh deontóir-ghinte de réir bhrí Chuid 2 den Acht sin an leanbh;

tá le "fear-uchtaitheoir aonair" an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995 agus folaíonn sé, chun críocha an Achta seo, duine a bheadh ina fhear-uchtaitheoir aonair murach nach fostaí é;

ciallaíonn "tuismitheoir marthanach", i ndáil le leanbh a bhfuair a thuismitheoir iomchuí nó a tuismitheoir iomchuí bás—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, tuismitheoir uchtála iomchuí an linbh, nó

(b) in aon chás eile, máthair an linbh;

tá le "saoire atharthachta aistrithe" an bhrí a shanntar dó le *halt 15(1)*.

(2) Chun críocha an Achta seo—

(a) measfar duine a shealbhaíonn oifig faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear comhalta den Gharda Síochána nó d'Óglaigh na hÉireann) nó ar shlí eile mar státseirbhíseach, de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag an Stát nó ag an Rialtas, de réir mar a bheidh, faoi chonradh seirbhíse, agus

(b) measfar oifigeach nó seirbhíseach d'údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, d'údarás cuain nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó

comhalta d'fhoireann boird oideachais agus oiliúna a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag an údarás, ag an bhFeidhmeannacht nó ag an mbord, de réir mar a bheidh, faoi chonradh seirbhíse.

(3) Chun críocha an Achta seo, measfar fostóir amháin a bheith comhlachaithe le fostóir eile—

(a) más comhlacht corpraithe duine acu a bhfuil rialú ag an duine eile air (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach), nó

(b) más comhlachtaí corpraithe iad araon a bhfuil rialú ag tríú duine orthu (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach).

(4) Chun críocha *alt 17* agus *Chodanna 3* agus *4*, folaíonn tagairt do shaoire atharthachta tagairt do shaoire atharthachta aistrithe.

(5) Aon tagairt san Acht seo do leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, is tagairt í do leanbh atá, nó a bheidh, ina ábhar nó ina hábhar—

(a) d'ordú uchtála de réir bhrí Acht 2010, nó

(b) d'uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin.

Rialacháin

3. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní d'fhonn a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear in *alt 28* mar ní atá forordaithe nó le forordú agus féadfar rialacháin éagsúla faoin bhfo-alt seo a dhéanamh i leith aicmí éagsúla nithe is ábhar don fhorordú lena mbaineann.

(3) Gan dochar d'aon fhorálacha den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dealraitheach don Aire nó, i gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán lena mbaineann.

(4) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a bheith ar neamhní nó a mhodhnú

4. (1) Is foráil ar neamhní foráil in aon chomhaontú a mhéid a airbheartaíonn sí feidhm aon fhorála den Acht seo a eisiamh nó a theorannú nó a mhéid atá sí ar neamhréir le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Maidir le foráil in aon chomhaontú ar foráil í is lú fabhar nó a thiocfaidh chun bheith ina foráil is lú fabhar i ndáil le fostaí ná teideal den tsamhail chéanna nó teideal comhréire a thugtar don fhostaí leis an Acht seo, measfar í a bheith modhnaithe ar shlí nach lú fabhar í.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a thoirmisceann foráil is mó fabhar d'fhostaí ná aon fhoráil i *gCuid 2* a bheith i gcomhaontú.

(4) Aon tagairtí san alt seo do chomhaontú, is tagairtí iad d'aon chomhaontú, cibé acu is conradh fostaíochta é nó nach ea agus cibé acu a rinneadh é roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis.

Caiteachais

5. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

Saoire Atharthachta

Teideal chun saoire atharthachta

6. (1) Faoi réir na Coda seo, beidh fostaí is tuismitheoir iomchuí i ndáil le leanbh i dteideal saoire 2 sheachtain óna fhostaíocht nó óna fostaíocht, ar a dtabharfar (agus dá ngairtear san Acht seo) "saoire atharthachta", d'fhonn a chumasú dó nó di cúram a sholáthar, nó cúnamh a thabhairt chun cúram a sholáthar, don leanbh nó tacaíocht a sholáthar do thuismitheoir uchtála iomchuí nó do mháthair an linbh, de réir mar a bheidh, nó d'fhonn an dá rud sin a dhéanamh.

(2) Seachas i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 12*, is tréimhse aonair 2 sheachtain a bheidh sa tréimhse saoire dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní bheidh ach duine amháin is tuismitheoir iomchuí i ndáil le leanbh i dteideal saoire atharthachta i leith an linbh sin.

(4) Ní oibreoidh *fo-alt (3)* chun tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar thuismitheoir iomchuí in *alt 2(1)* a chosc ar shaoire atharthachta a thógáil i leith linbh de bhíthin amháin gur thóg duine seachas an tuismitheoir iomchuí sin saoire atharthachta i leith an linbh sin sular uchtaíodh an leanbh.

(5) Más rud é gur cuid d'ilbhreith breith linbh nó go ndéanann duine 2 leanbh nó níos mó a uchtú an tráth céanna, ní bheidh duine is tuismitheoir iomchuí i ndáil leis na leanaí lena mbaineann i dteideal ach tréimhse amháin saoire atharthachta faoin alt seo i leith na leanaí lena mbaineann.

(6) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, i gcás go mbeidh an lá suímh i leith an linbh ann an 1 Meán Fómhair 2016 nó dá éis, nó

(b) in aon chás eile, i gcás go mbeidh an dáta luí seoil i leith an linbh ann an 1 Meán Fómhair 2016 nó dá éis.

(7) Ní fhéadfaidh duine leas a bhaint as saoire atharthachta faoin Acht seo i gcás go mbainfidh an duine leas as saoire uchtaíoch faoi alt 6 d'Acht 1995.

Fógra d'fhostóir

7. (1) Faoi réir an ailt seo agus *ailt 9*, *13(2)* agus *14(2)*, beidh teideal chun saoire atharthachta faoi réir fógra a bheith tugtha i scríbhinn agus de réir *fho-alt (2)* nó *(5)* ag fostaí is tuismitheoir iomchuí i ndáil le leanbh dá fhostóir nó dá fostóir (nó é a bheith curtha faoi deara aige nó aici fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh) á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici saoire atharthachta a thógáil.

(2) Féadfar fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thabhairt—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an lá tuartha suímh, nó

(b) in aon chás eile, a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh sheachtain thuartha luí seoil na mná lena mbaineann atá ag iompar clainne.

(3) Maidir le tuismitheoir iomchuí a mbeidh fógra tugtha aige nó aici dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)*, déanfaidh sé nó sí, seachas i gcás ina mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)*—

(a) i gcás uchtála, seachas uchtáil idir tíortha a dhéantar nó a dhéanfar lasmuigh den Stát, a chur faoi deara—

(i) fógra i scríbhinn a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún maidir leis an lá tuartha suímh, agus

(ii) cóip den deimhniú suímh, a sholáthair an mháthair uchtála fhostaithe nó an fear-uchtaitheoir aonair lena mbaineann, de réir mar a bheidh, dá fhostóir nó dá fostóir, de réir mar a bheidh, faoi alt 7(1)(c) d'Acht 1995, a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an lae suímh,

(b) i gcás uchtáil idir tíortha a dhéantar nó a dhéanfar lasmuigh den Stát, a chur faoi deara—

(i) fógra i scríbhinn a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún maidir leis an lá tuartha suímh,

(ii) cóip de dhearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta infheidhme, a sholáthair an mháthair uchtála fhostaithe nó an fear-uchtaitheoir aonair lena mbaineann, de réir mar a bheidh, dá fhostóir nó dá fostóir, de réir mar a bheidh, faoi alt 7(2)(c) d'Acht 1995, a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir roimh an lá tuartha suímh, murar soláthraíodh amhlaidh cheana féin í, agus

(iii) sonraí i scríbhinn maidir leis an suíomh a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún tar éis an lae suímh,

nó

(c) in aon chás eile, tráth an fhógra nó a luaithe is indéanta le réasún dá éis, cóip den deimhniú liachta nó den deimhniú cuí eile, ina ndearbhaítear toircheas na mná lena mbaineann atá ag iompar clainne agus ina sonraítear seachtain thuartha luí seoil na mná lena mbaineann atá ag iompar clainne agus a thug sí dá fostóir nó a thug sí ar aird lena iniúchadh ag a fostóir faoi alt 9 d'Acht 1994, a thabhairt

dá fhostóir nó dá fostóir nó a thabhairt ar aird lena hiniúchadh ag a fhostóir nó ag a fostóir.

(4) Déanfaidh tuismitheoir iomchuí a mbeidh fógra tugtha aige nó aici dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)*—

(a) i gcás uchtáil nach fostaí an mháthair uchtála nó an fear-uchtaitheoir aonair lena mbaineann, de réir mar a bheidh, nó inar tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i *mír (a)(i)* den mhíniú ar thuismitheoir iomchuí in *alt 2(1)* an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, a chur faoi deara—

(i) fógra i scríbhinn a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún maidir leis an lá tuartha suímh,

(ii) cóip de dheimhniú incháilitheachta agus oiriúnachta infheidhme a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir roimh an lá tuartha suímh, murar soláthraíodh cheana féin í, agus

(iii) sonraí i scríbhinn maidir leis an suíomh a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún tar éis an lae suímh,

nó

(b) in aon chás eile, agus i gcás nach fostaí í an bhean atá ag iompar clainne, tráth an fhógra nó a luaithe is indéanta le réasún dá éis sin, a chur faoi deara ráiteas arna shíniú ag lia-chleachtóir cláraithe a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir ina ndearbhófar toircheas na mná lena mbaineann atá ag iompar clainne agus ina sonrófar seachtain thuartha luí seoil na mná lena mbaineann atá ag iompar clainne.

(5) Maidir le fostaí nach mbeidh fógra tugtha aige nó aici dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)* nó, tar éis dó nó di fógra den sórt sin a thabhairt, a mbeidh sé cúlghairthe aige nó aici faoi *fho-alt (7)*, féadfaidh sé nó sí fógra a thabhairt don fhostóir lena mbaineann (nó a chur faoi deara fógra a thabhairt don fhostóir lena mbaineann amhlaidh) á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici saoire atharthachta a thógáil tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh thús na saoire sin.

(6) Aon tuismitheoir iomchuí a mbeidh fógra tugtha aige nó aici dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (5)*, déanfaidh sé nó sí, tráth an fhógra nó a luaithe is indéanta le réasún dá éis, a chur faoi deara—

(a) i gcás uchtála, seachas uchtáil idir tíortha a dhéantar nó a dhéanfar lasmuigh den Stát nó uchtáil lena mbaineann *fo-alt (4)(a)*, cóip den deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)(ii)* a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir,

(b) i gcás uchtáil idir tíortha a dhéantar nó a dhéanfar lasmuigh den Stát, seachas uchtáil lena mbaineann *fo-alt (4)(a)*, na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)(iii)* a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir,

(c) i gcás uchtáil lena mbaineann *fo-alt (4)(a)*, na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(iii)* a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir, nó

(d) in aon chás eile, cóip den deimhniú breithe arna eisiúint chuig an leanbh lena mbaineann a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir.

(7) Féadfar fógra faoin alt seo a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn ón bhfostaí lena mbaineann chuig a fhostóir nó a fostóir.

Saoire atharthachta a chur in áirithe

8. (1) Faoi réir an ailt seo, *alt 10* agus *ailt 12* go *14*, tosóidh an tréimhse saoire atharthachta cibé lá a bheidh roghnaithe ag an tuismitheoir iomchuí ina fhógra nó ina fógra arna thabhairt de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, ar lá é nach luaithe ná an dáta luí seoil nó an lá suímh, de réir mar a bheidh, agus nach déanaí ná 26 seachtaine tar éis an dáta nó an lae sin.

(2) I gcás go mbeidh tuismitheoir iomchuí fostaithe faoi chonradh fostaíochta go ceann téarma socraithe agus go rachaidh an téarma sin in éag roimh an lá arbh é an lá deireanach é, ar leith ón bhfo-alt seo, dá shaoire atharthachta nó dá saoire atharthachta, ansin—

(a) d'ainneoin aon fhoráil eile sa Chuid seo, is é lá deireanach a shaoire atharthachta nó a saoire atharthachta an lá a rachaidh an téarma in éag, agus

(b) ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo difear do chonradh fostaíochta an tuismitheora iomchuí a fhoirceannadh an lá sin.

Tús saoire atharthachta (luí seoil luath)

9. Más rud é go dtarlóidh an dáta luí seoil i seachtain atá 4 seachtaine nó níos mó roimh an dáta tuartha luí seoil, measfar *alt 7* a bheith comhlíonta ag an tuismitheoir iomchuí i ndáil leis an leanbh lena mbaineann, i gcás go n-éileoidh na himthosca amhlaidh, má thugtar an fógra a cheanglaítear leis an alt sin sa tréimhse 7 lá dar tús an dáta luí seoil.

Saoire atharthachta a iarchur

10. Más rud é, de réir mar a bheidh, go ndéanfar an lá suímh a iarchur nó go dtarlóidh an dáta luí seoil tar éis an dáta a bheidh roghnaithe ag tuismitheoir iomchuí ina fhógra nó ina fógra arna thabhairt de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, beidh an tuismitheoir iomchuí i dteideal dáta eile a roghnú ar a dtosóidh an tsaoire atharthachta.

Saoire atharthachta a iarchur i gcás tuismitheoir iomchuí a bheith breoite

11. (1) Más rud é, maidir le tuismitheoir iomchuí a mbeidh *fo-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh, comhlíonta aige nó aici, go dtiocfaidh breoiteacht air nó uirthi roimh thús a shaoire atharthachta nó a saoire atharthachta agus gur mian leis nó léi an tsaoire atharthachta a iarchur, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir a luaithe is indéanta le réasún tar éis breoiteacht do theacht air nó uirthi agus an fhianaise iomchuí i leith na breoiteachta ina theannta, tógáil na saoire a iarchur go dtí cibé tráth nach mbeidh an tuismitheoir iomchuí breoite a thuilleadh agus beidh an teideal chun na saoire sin (dá ngairtear "saoire iarchurtha" san alt seo) faoi réir fógra i scríbhinn a bheith tugtha ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, faoi réir *fho-alt (5)*, dá fhostóir nó dá fostóir (nó é a bheith curtha faoi deara aige nó aici fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tsaoire iarchurtha, á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an tsaoire sin a thosú.

(2) I gcás go mbeidh tuismitheoir iomchuí as láthair ón obair mar gheall ar shaoire atharthachta a iarchur faoin alt seo, déileálfar leis an asláithreacht sin ar an gcaoi chéanna a dhéileálfaí le hasláithreacht ar bith ón obair ar thaobh an tuismitheora iomchuí mar gheall ar bhreoiteacht.

(3) Tiocfaidh deireadh le tréimhse saoire iarchurtha, seachas i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 13(1)* nó *14(1)*, tráth nach déanaí ná 28 seachtaine tar éis an dáta luí seoil nó an lae suímh, de réir mar a bheidh.

(4) I gcás go bhfuil feidhm ag *alt 13(1)* nó *(14)(1)*, tosóidh an tréimhse saoire iarchurtha tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis don tuismitheoir iomchuí gan a bheith breoite a thuilleadh nó ar cibé dáta eile a chomhaontófar idir an tuismitheoir iomchuí agus an fostóir.

(5) Féadfaidh fostóir an ceart chun fógra a fháil de réir *fho-alt (1)* a tharscaoileadh.

(6) Féadfar fógra faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn arna thabhairt ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, nó thar a cheann nó thar a ceann, dá fhostóir nó dá fostóir laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin chun an fógra lena mbaineann a thabhairt.

Saoire atharthachta a iarchur i gcás leanbh a bheith san ospidéal

12. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh tuismitheoir iomchuí a bheidh i dteideal saoire atharthachta nó a bheidh ar shaoire atharthachta, má tá an leanbh ar i dtaca lena bhreith nó lena breith nó lena uchtáil nó lena huchtáil a bheidh sé nó sí i dteideal na saoire nó ar an tsaoire lena mbaineann (dá ngairtear "an leanbh" san alt seo) san ospidéal, a iarraidh i scríbhinn ar a fhostóir nó ar a fostóir (nó a chur faoi deara iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid a fhostóra nó a fostóra) an tsaoire nó cuid di, de réir mar is cuí, a iarchur.

(2) Féadfaidh fostóir a gheobhaidh iarraidh faoi *fho-alt (1)* comhaontú leis an tsaoire lena mbaineann a iarchur agus, má dhéanann an fostóir amhlaidh—

(a) leanfaidh an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann de bheith ag obair nó, de réir mar a bheidh, fillfidh sé nó sí ar obair ar dháta a chomhaontóidh sé nó sí agus an fostóir is dáta nach déanaí ná an dáta a mbeidh deireadh le teacht leis an tsaoire lena mbaineann de réir an fhógra arna thabhairt ag an tuismitheoir iomchuí don fhostóir de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh,

(b) déanfar an tsaoire lena mbaineann a iarchur le héifeacht ón dáta arna chomhaontú faoi *mhír (a)*,

(c) beidh an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, faoi réir *fho-alt (4)*, i dteideal na saoire lena mbaineann nó na coda di, de réir mar a bheidh, nach mbeidh tógtha aige nó aici de bhíthin an iarchurtha (dá ngairtear "saoire iarchurtha" san alt seo), agus

(d) beidh an tsaoire iarchurtha le tógáil in aon tréimhse leanúnach amháin dar tús tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach as an ospidéal nó cibé dáta eile a chomhaontófar idir an tuismitheoir iomchuí agus an fostóir.

(3) Aon fhostóir a gheobhaidh iarraidh faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn a thabhairt don tuismitheoir iomchuí lena mbaineann maidir le breith an fhostóra i ndáil leis an iarraidh a luaithe is indéanta le réasún tar éis an iarraidh a fháil.

(4) Más rud é, tar éis saoire a iarchur faoin alt seo, go bhfillfidh fostaí ar obair de réir *fho-alt (2)(a)* agus go mbeidh sé nó sí as láthair ón obair mar gheall ar bhreoiteacht

le linn thréimhse an iarchurtha, measfar an fostaí a bheith ag tosú saoire iarchurtha an chéad lá den asláithreacht sin mura dtabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn dá fhostóir nó dá fostóir (nó mura gcuirfidh sé nó sí faoi deara fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), a luaithe is indéanta le réasún, á rá nach mian leis nó léi an tsaoire sin a thosú agus, tar éis an fhógra sin—

(a) déileálfar le hasláithreacht an fhostaí ón obair mar gheall ar bhreoiteacht ar an tslí chéanna a dhéileálfaí le hasláithreacht ar bith ón obair ar thaobh an fhostaí mar gheall ar bhreoiteacht, agus

(b) ní bheidh an fostaí i dteideal na saoire iarchurtha.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, beidh teideal chun saoire iarchurtha faoi réir fógra i scríbhinn a bheith tugtha ag tuismitheoir iomchuí dá fhostóir nó dá fostóir (nó é a bheith curtha faoi deara aige nó aici fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tsaoire, á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an tsaoire sin a thosú.

(6) Féadfaidh fostóir an ceart chun fógra a fháil de réir *fho-alt (5)* a tharscaoileadh.

(7) Féadfar fógra faoi *fho-alt (5)* a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn arna thabhairt ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, nó thar a cheann nó thar a ceann, dá fhostóir nó dá fostóir laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin chun an fógra lena mbaineann a thabhairt.

Tuismitheoir iomchuí lena mbaineann alt 16 d'Acht 1994

13. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aon tuismitheoir iomchuí—

(a) a bheidh i dteideal saoire atharthachta faoin Acht seo agus nach mbeidh an tsaoire sin tógtha aige nó aici, agus

(b) a thiocfaidh chun bheith i dteideal saoire faoi alt 16(1) d'Acht 1994,

féadfaidh sé nó sí saoire atharthachta a thógáil díreach tar éis dheireadh na saoire dá dtagraítear i *mír (b)* nó, i gcás go ndéanfar an tsaoire sin a iarchur faoi alt 16B d'Acht 1994, tar éis dheireadh na saoire atosaithe arna tógáil ag an tuismitheoir iomchuí.

(2) Beidh teideal chun saoire atharthachta faoi *fho-alt (1)* faoi réir fógra i scríbhinn a bheith tugtha ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann dá fhostóir nó dá fostóir (nó é a bheith curtha faoi deara aige nó aici fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tsaoire sin, á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an tsaoire lena mbaineann a thógáil.

(3) Féadfar fógra faoi *fho-alt (2)* a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn arna thabhairt ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, nó thar a cheann nó thar a ceann, dá fhostóir nó dá fostóir laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin chun an fógra lena mbaineann a thabhairt.

Tuismitheoir iomchuí lena mbaineann alt 9 d'Acht 1995

14. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aon tuismitheoir iomchuí—

(a) a bheidh i dteideal saoire atharthachta faoin Acht seo agus nach mbeidh an tsaoire sin tógtha aige nó aici, agus

(b) a thiocfaidh chun bheith i dteideal saoire uchtaíoch faoi alt 9(1)(a) d'Acht 1995,

féadfaidh sé nó sí saoire atharthachta a thógáil díreach tar éis dheireadh na saoire uchtaíche nó, i gcás go ndéanfar an tsaoire uchtaíoch a iarchur faoi alt 11C d'Acht 1995, tar éis dheireadh na saoire iarchurtha arna tógáil ag an tuismitheoir iomchuí.

(2) Beidh teideal chun saoire atharthachta faoi *fho-alt (1)* faoi réir fógra i scríbhinn a bheith tugtha ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann dá fhostóir nó dá fostóir (nó é a bheith curtha faoi deara aige nó aici fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tsaoire sin, á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an tsaoire lena mbaineann a thógáil.

(3) Féadfar fógra faoi *fho-alt (2)* a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn arna thabhairt ag an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann, nó thar a cheann nó thar a ceann, dá fhostóir nó dá fostóir laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin chun an fógra lena mbaineann a thabhairt.

Teideal tuismitheora mharthanaigh fhostaithe chun saoire ar bhás tuismitheora iomchuí

15. (1) Más rud é, maidir le tuismitheoir iomchuí a bheidh i dteideal saoire atharthachta i ndáil le leanbh, go bhfaighidh sé nó sí bás roimh dhul in éag don ochtú seachtain is fiche tar éis an dáta luí seoil nó an lae suímh, de réir mar a bheidh, beidh tuismitheoir marthanach fostaithe an linbh i dteideal saoire (dá ngairtear "saoire atharthachta aistrithe" san alt seo) óna fhostaíocht nó óna fostaíocht d'fhonn a chumasú dó nó di cúram a sholáthar, nó cúnamh a thabhairt chun cúram a sholáthar, don leanbh—

(a) i gcás gur fostaí a bhí sa tuismitheoir iomchuí, do thréimhse 2 sheachtain nó, más infheidhme, do cibé tréimhse saoire atharthachta is giorra ná sin a bhí fágtha le tógáil ag an tuismitheoir iomchuí faoin Acht seo tráth a bháis nó a báis, agus

(b) i ngach cás eile, do thréimhse 2 sheachtain.

(2) Tosóidh tréimhse saoire atharthachta aistrithe—

(a) i gcás tuismitheoir marthanach atá i dteideal saoire mháithreachais faoi Acht 1994, díreach tar éis dheireadh na saoire máithreachais lena mbaineann,

(b) i gcás tuismitheoir marthanach atá i dteideal saoire uchtaíoch faoi alt 6 d'Acht 1995, díreach tar éis dheireadh na saoire uchtaíche lena mbaineann, nó

(c) in aon chás eile, laistigh de 7 lá ó bhás an tuismitheora iomchuí lena mbaineann nó, más infheidhme, ar an lá suímh, cibé acu is déanaí.

(3) Beidh teideal chun saoire atharthachta aistrithe faoi réir an tuismitheoir marthanach lena mbaineann—

(a) do thabhairt fógra i scríbhinn dá fhostóir nó dá fostóir (nó do chur faoi deara fógra a thabhairt dá fhostóir nó dá fostóir amhlaidh), tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tsaoire atharthachta aistrithe—

(i) maidir le bás an tuismitheora iomchuí,

(ii) á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici saoire atharthachta aistrithe a thógáil, agus

(iii) maidir le fad na saoire a gcreideann sé nó sí go bhfuil sé nó sí ina teideal amhlaidh faoin Acht seo,

agus

(b) má iarrann a fhostóir nó a fostóir air nó uirthi é, do chur faoi deara cóip den deimhniú báis arna dhéanamh i leith an tuismitheora iomchuí a sholáthar, a luaithe is indéanta le réasún, dá fhostóir nó dá fostóir.

(4) Féadfar fógra faoi *fho-alt (3)* a chúlghairm trí fhógra breise i scríbhinn arna thabhairt ag an tuismitheoir marthanach lena mbaineann, nó thar a cheann nó thar a ceann, dá fhostóir nó dá fostóir laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin chun an fógra lena mbaineann a thabhairt.

(5) Maidir le tagairt i *bhfo-alt (1)* do thuismitheoir iomchuí a bheidh i dteideal saoire atharthachta, folaíonn sí tagairt do thuismitheoir iomchuí a bheadh ina teideal amhlaidh murach nár thug sé nó sí fógra dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, de réir mar a bheidh.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, beidh feidhm ag *ailt 11* agus *12* maidir le tuismitheoir marthanach a bheidh i dteideal saoire atharthachta aistrithe nó a bheidh ar shaoire atharthachta aistrithe mar a bheidh feidhm acu maidir le tuismitheoir iomchuí a bheidh i dteideal saoire atharthachta nó a bheidh ar shaoire atharthachta agus déanfar tagairt sna hailt sin d'fhógra ó thuismitheoir iomchuí dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d'fhógra ó thuismitheoir marthanach faoi *fho-alt (3)(a)*.

(7) I gcás go mbeidh feidhm ag *alt 11(1)* maidir le tuismitheoir marthanach a bheidh ar shaoire atharthachta aistrithe, ansin, d'ainneoin *alt 11(3)*, tosóidh an tréimhse saoire iarchurtha tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis don tuismitheoir marthanach gan a bheith breoite a thuilleadh nó ar cibé dáta eile a chomhaontófar idir an tuismitheoir marthanach agus an fostóir.

Saoire atharthachta a mhí-úsáid

16. (1) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag fostóir chun a chreidiúint nach bhfuil fostaí dá chuid nó dá cuid atá ar shaoire atharthachta ag úsáid na saoire chun na críche a shonraítear in *alt 6(1)*, féadfaidh an fostóir, trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don fhostaí, an tsaoire a fhoirceannadh agus beidh ráiteas i bhfoirm achomair san fhógra maidir leis na forais chun an tsaoire a fhoirceannadh agus sonrófar ann an lá (is lá nach déanaí ná dáta dheireadh thréimhse na saoire a bheidh sonraithe san fhógra a bheidh tugtha de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh, ná, faoi réir an cheanglais sin roimhe seo, nach luaithe ná 7 lá tar éis dháta fála an fhógra ag an bhfostaí lena mbaineann) faoina gcaithfidh an fostaí filleadh ar obair.

(2) I gcás go ndéanfar saoire atharthachta a fhoirceannadh faoi *fho-alt (1)*, fillfidh an fostaí lena mbaineann ar a fhostaíocht nó a fostaíocht an lá a bheidh sonraithe san fhógra faoin bhfo-alt sin agus measfar nach saoire atharthachta aon tréimhse idir dáta an fhillte sin agus dáta dheireadh thréimhse na saoire a bheidh sonraithe san fhógra a bheidh tugtha de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh.

(3) I gcás go mbeidh fógra i scríbhinn tugtha ag fostaí dá fhostóir nó dá fostóir de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)* nó *14(2)*, de réir mar a bheidh, agus go mbeidh forais réasúnacha ag an bhfostóir chun a chreidiúint nach bhfuil an fostaí i dteideal na saoire atharthachta lena mbaineann, féadfaidh an fostóir, trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don fhostaí, diúltú an tsaoire a dheonú don fhostaí agus, má dhéanann an fostóir amhlaidh, ní bheidh an fostaí i dteideal an tsaoire atharthachta lena mbaineann a thógáil.

(4) I bhfógra faoi *fho-alt (3)*, beidh ráiteas i bhfoirm achomair maidir leis na forais chun diúltú an tsaoire atharthachta lena mbaineann a dheonú.

(5) I gcás go mbeartóidh fostóir fógra a thabhairt d'fhostaí dá chuid nó dá cuid faoi *fho-alt (1)* nó *(3)*, déanfaidh an fostóir, sula dtabharfaidh sé nó sí an fógra, fógra i scríbhinn maidir lena bhfuil beartaithe aige nó aici a thabhairt don fhostaí agus beidh san fhógra ráiteas i bhfoirm achomair maidir leis na forais chun an tsaoire atharthachta lena mbaineann a fhoirceannadh nó, de réir mar a bheidh, chun diúltú í a dheonú, mar aon le ráiteas go bhféadfaidh an fostaí, laistigh de 7 lá tar éis an fógra a fháil, uiríoll a dhéanamh chun an fhostóra i ndáil lena bhfuil beartaithe; agus breithneoidh fostóir aon uiríll den sórt sin a dhéanfaidh fostaí chun an fhostóra laistigh den tréimhse réamhráite sula dtabharfaidh sé nó sí breith i dtaobh an dtabharfaidh sé nó sí fógra faoi *fho-alt (1)* nó *(3)*, de réir mar a bheidh, don fhostaí.

(6) Coinneoidh duine fógra a thabharfar dó nó di faoin alt seo.

(7) Déanfaidh duine a thabharfaidh fógra faoin alt seo cóip den fhógra a choinneáil.

(8) Folaíonn tagairt san alt seo do shaoire atharthachta tagairt do shaoire atharthachta aistrithe agus, dá réir sin—

(a) forléireofar an tagairt i *bhfo-alt (1)* do chríoch mar thagairt don chríoch a shonraítear in *alt 15(1)*, agus

(b) forléireofar tagairt i *bhfo-alt (1)*, *(2)* nó *(3)* d'fhógra ón bhfostaí mar thagairt d'fhógra ón bhfostaí faoi *alt 15(3)*.

Taifid a chothabháil

17. (1) Déanfaidh fostóir taifead ar shaoire atharthachta a fhostaithe nó a fostaithe ina dtaispeánfar an tréimhse fostaíochta do gach fostaí agus na dátaí agus na tráthanna a raibh gach fostaí ar shaoire atharthachta ina leith.

(2) Déanfaidh an fostóir lena mbaineann taifead ar shaoire atharthachta a dhéanfar faoin alt seo a choinneáil go ceann tréimhse 8 mbliana tar éis an tsaoire atharthachta iomchuí a thógáil.

(3) Aon fhostóir a sháróidh *fo-alt (1)* nó *(2)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

(4) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlcheadú aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(5) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (4)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(6) Féadfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre imeachtaí i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(7) Má chiontaítear duine i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an t-ionchúisitheoir go réasúnach i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona, lena n-áirítear costais a tabhaíodh i leith luach saothair agus caiteachais eile de chuid fostaithe, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí, a íoc leis an ionchúisitheoir.

(8) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí i leith cion faoin alt seo a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.

CUID 3

Cosaint Fostaíochta

Léiriú (*Cuid 3*)

18. I gcás go ndéanfar saoire atharthachta a iarchur de réir *alt 12*, is mar thréimhsí saoire ar leithligh a dhéileálfar, chun críocha na Coda seo, leis an tréimhse ama (más ann) ar saoire roimh an iarchur sin agus leis an tréimhse ama ar saoire i ndiaidh an iarchurtha sin.

Cearta a chaomhnú nó a fhionraí le linn a bheith ar shaoire atharthachta

19. (1) Le linn tréimhse asláithreachta fostaí ón obair le linn dó nó di a bheith ar shaoire atharthachta, measfar go raibh an fostaí i bhfostaíocht an fhostóra agus, dá réir sin, le linn dó nó di a bheith as láthair amhlaidh, déileálfar leis an bhfostaí, faoi réir *fho-alt (4)* agus *alt 21*, amhail is nach raibh sé nó sí as láthair amhlaidh; agus ní dhéanfaidh asláithreacht den sórt sin difear d'aon cheart a bhaineann le fostaíocht an fhostaí (seachas ceart an fhostaí chun luach saothair le linn asláithreacht den sórt sin), cibé acu a thugtar faoi reacht, le conradh nó ar shlí eile é.

(2) Ní dhéileálfar le tréimhse asláithreachta ón obair le linn a bheith ar shaoire atharthachta mar chuid d'aon saoire eile (lena n-áirítear saoire bhreoiteachta, saoire bhliantúil, saoire mháithreachais bhreise, saoire faoi fho-alt (1)(a) nó saoire faoi fho-alt (1)(b) de réir bhrí alt 16 d'Acht 1994, saoire uchtaíoch nó saoire uchtaíoch bhreise de réir bhrí Acht 1995) a bhfuil an fostaí lena mbaineann ina teideal.

(3) Más rud é, maidir le fostaí—

(a) atá ar promhadh ina fhostaíocht nó ina fostaíocht,

(b) atá faoi oiliúint i ndáil leis an bhfostaíocht sin, nó

(c) atá ar fostú faoi chonradh printíseachta,

go dtógfaidh sé nó sí saoire atharthachta, agus go measfaidh a fhostóir nó a fostóir nach mbeadh asláithreacht an fhostaí óna fhostaíocht nó óna fostaíocht le linn dó nó di a bheith ar shaoire den sórt sin ag teacht le leanúnachas an phromhaidh, na hoiliúna nó na printíseachta, féadfaidh an fostóir a cheangal go mbeidh an promhadh, an oiliúint nó an phrintíseacht ar fionraí le linn thréimhse na saoire lena mbaineann agus go gcríochnóidh an fostaí é nó í i ndeireadh na tréimhse sin.

(4) Measfar nach ranníocóir fostaithe chun críocha Acht 2005 é nó í fostaí d'aon seachtain ranníoca de réir bhrí an Achta sin i dtréimhse asláithreachta ón obair ar shaoire atharthachta más rud é nach bhfaighidh an fostaí aon tuilleamh ináirithe de réir bhrí an Achta sin i leith na seachtaine sin.

Foirceantaí airbheartaithe áirithe fostaíochta, etc., a bheith ar neamhní

20. Beidh gach ceann díobh seo a leanas ar neamhní:

(a) aon fhoirceannadh airbheartaithe fostaíochta fostaí le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair ar shaoire atharthachta;

(b) aon fhionraí airbheartaithe fostaíochta fostaí le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair ar shaoire atharthachta;

(c) aon fhógra foirceanta fostaíochta fostaí a thabharfar le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair ar shaoire atharthachta.

Fógraí áirithe foirceanta fostaíochta nó fionraíochtaí áirithe a fhadú

21. Aon fhógra foirceanta fostaíochta a thabharfar maidir le fostaí nó aon fhionraí óna fhostaíocht nó óna fostaíocht a fhorchuirfear ar fhostaí—

(a) sula dtosóidh an fostaí tréimhse saoire atharthachta, nó

(b) sula bhfaighidh fostóir an fhostaí fógra de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 11(1)*, *12(5)*, *13(2)*, *14(2)*, *15(3)* nó, más cuí, faoi *alt 24*,

agus a bheidh le dul in éag le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair ar an tsaoire lena mbaineann, déanfar tréimhse na hasláithreachta sin a chur mar fhadú leis nó léi.

Fostaithe a chosaint ar phionósú

22. (1) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú, nó pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí, mar gheall ar an bhfostaí do bheartú a theideal nó a teideal chun saoire atharthachta a fheidhmiú.

(2) Chun críocha an ailt seo, folaíonn pionósú fostaí—

(a) dífhostú an fhostaí, nó dífhostú a bhagairt i gcoinne an fhostaí,

(b) cóir éagórach a chur ar an bhfostaí, lena n-áirítear roghnú le haghaidh iomarcaíochta, agus

(c) athrú neamhfhabhrach a chur ar théarmaí nó coinníollacha fostaíochta an fhostaí.

(3) Más éard a bheidh i bpionósú fostaí, de shárú ar *fho-alt (1)*, dífhostú an fhostaí, amhail dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, féadfaidh an fostaí imeachtaí a thionscnamh faoi Acht 1977 maidir leis an dífhostú sin.

Ceart ginearálta chun filleadh ar obair ar dhul in éag do shaoire atharthachta

23. (1) Faoi réir *alt 24*, beidh fostaí a bheidh as láthair ón obair le linn a bheith ar shaoire atharthachta i dteideal filleadh ar obair—

(a) leis an bhfostóir a raibh an fostaí ag obair leis nó léi díreach roimh thús na tréimhse asláithreachta nó, más rud é, le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair, gur tharla athrú úinéireachta ar an ngnóthas ina raibh an fostaí fostaithe díreach roimh an asláithreacht, le húinéir an ghnóthais (dá ngairtear an "comharba" san Acht seo) ar dhul in éag don tréimhse asláithreachta,

(b) sa phost a bhí ag an bhfostaí díreach roimh thús na tréimhse sin,

(c) faoin gconradh fostaíochta a raibh an fostaí fostaithe faoi díreach roimh thús na tréimhse sin nó, i gcás gur tharla athrú úinéireachta den sórt sin dá dtagraítear i *mír (a)*, faoi chonradh fostaíochta leis an gcomharba is ionann agus an conradh a raibh an fostaí fostaithe faoi díreach roimh thús na tréimhse sin, agus (i gceachtar cás) faoi théarmaí nó coinníollacha—

(i) nach lú fabhar ná na téarmaí nó na coinníollacha a bheadh infheidhme maidir leis an bhfostaí, agus

(ii) a chorpraíonn aon fheabhsú ar na téarmaí nó na coinníollacha fostaíochta a mbeadh an fostaí ina dteideal,

mura mbeadh sé nó sí as láthair amhlaidh ón obair, agus

(d) ar an dáta a shonraítear i *bhfo-alt (3)*.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)(b)*, más rud é nárbh é gnáthphost an fhostaí nó an post is iondúil a bhíodh ag an bhfostaí an post a bhí ag fostaí díreach roimh thús na tréimhse asláithreachta lena mbaineann, beidh an fostaí i dteideal filleadh ar obair sa ghnáthphost nó sa phost is iondúil a bhíodh aige nó aici, nó sa phost sin a bhí aige nó aici, a luaithe is indéanta gan an fostaí nó an fostóir do shárú aon fhoráil de reacht nó d'ionstraim arna déanamh faoi reacht.

(3) Gan dochar d'fhostaí a fhillfidh ar obair faoi *alt 12(2)(a)*, is é an dáta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(d)* an chéad lá oibre tar éis an dáta a mbeidh fógra tugtha maidir leis faoi *fho-alt (1)*, *(2)* nó *(3)*, de réir mar is cuí, *d'alt 24*.

(4) San alt seo, ciallaíonn "post", i ndáil le fostaí, cineál na hoibre a bhfuil sé nó sí fostaithe lena déanamh de réir a chonartha fostaíochta nó a conartha fostaíochta agus na cáile agus na háite ina bhfuil sé nó sí fostaithe amhlaidh.

Fógra á rá go bhfuil sé ar intinn filleadh ar obair

24. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go mbeidh sé ar intinn ag fostaí saoire atharthachta a thógáil, cuirfidh an fostaí faoi deara fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir (nó, más eol dó nó di gur tharla athrú úinéireachta ar an ngnóthas lena mbaineann, don chomharba), an tráth céanna a thabharfaidh an fostaí fógra don fhostóir á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an tsaoire a thógáil, de réir *fho-alt (2)* nó *(5) d'alt 7*, *alt 13(2)*, *14(2)* nó *15(3)*, de réir mar a bheidh, i dtaobh fhad na saoire a bhfuil sé ar intinn ag an bhfostaí í a thógáil.

(2) I gcás go mbeidh sé ar intinn ag fostaí saoire iarchurtha de réir bhrí *alt 11* nó *12* a thógáil, cuirfidh an fostaí faoi deara fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir (nó, más eol dó nó di gur tháinig athrú úinéireachta ar an ngnóthas lena mbaineann, don chomharba)—

(a) an tráth céanna a thabharfaidh an fostaí an fógra iomchuí faoi *alt 11(1)* nó *12(5)*, de réir mar a bheidh, nó

(b) má dhéanann an fostóir, faoi *alt 11(5)* nó *12(6)*, an ceart a tharscaoileadh chun fógra den sórt sin a fháil, tráth nach déanaí ná an lá a mbeidh an fostaí ag súil leis go bhfillfidh sé nó sí ar obair,

á rá go bhfuil sé ar intinn ag an bhfostaí filleadh ar obair agus i dtaobh an dáta a mbeidh an fostaí ag súil leis go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh.

(3) I gcás go mbeidh fostaí as láthair ón obair agus go measfar faoi *alt 12(4)* é nó í a bheith ar shaoire iarchurtha, cuirfidh an fostaí faoi deara fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir (nó, más eol dó nó di gur tharla athrú úinéireachta ar an ngnóthas lena mbaineann, don chomharba), a luaithe is indéanta le réasún tar éis thosach asláithreacht an fhostaí ón obair mar gheall ar bhreoiteacht ach tráth nach déanaí ná an dáta a mbeidh an fostaí ag súil leis go bhfillfidh sé nó sí ar obair, á rá go bhfuil sé ar intinn ag an bhfostaí filleadh ar obair agus i dtaobh an dáta a mbeidh an fostaí ag súil leis go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh.

(4) Más rud é, i dtuairim oifigigh breithniúcháin nó na Cúirte Oibreachais, go bhfuil forais réasúnacha—

(a) le mainneachtain fostaí fógra a thabhairt faoi *fho-alt (1)*, *(2)* nó *(3)*, de réir mar a bheidh, nó

(b) le fostaí do thabhairt fógra den sórt sin ar shlí seachas laistigh de na teorainneacha ama sonraithe,

déanfaidh an t-oifigeach breithniúcháin nó an Chúirt Oibreachais, de réir mar a bheidh, an tréimhse ama a fhadú chun an fógra a thabhairt.

(5) Mura mbeidh forais réasúnacha ann—

(a) maidir le mainneachtain fógra a thabhairt faoi *fho-alt (1)*, *(2)* nó *(3)*, de réir mar a bheidh, nó

(b) maidir le fógra den sórt sin a thabhairt ar shlí seachas laistigh de na teorainneacha ama sonraithe,

is nithe iad a fhéadfaidh oifigeach breithniúcháin nó an Chúirt Oibreachais a chur i gcuntas le linn cearta an fhostaí faoi Acht 1977, faoin Acht seo nó faoi aon achtachán iomchuí eile a chinneadh, a mhéid a bhaineann leis na leigheasanna arb éard iad athfhostú, athfhruiliú nó cúiteamh.

Filleadh ar obair a iarchur

25. Más rud é, mar gheall ar stopadh san obair nó scor d'obair in áit fostaíochta fostaí, a bheidh ann ar an dáta a bheidh sonraithe i bhfógra faoi *alt 24* a bheidh tugtha ag an bhfostaí nó an tráth a rachaidh tréimhse saoire atharthachta a bheidh tógtha ag an bhfostaí in éag, gur míréasúnach a bheith ag súil leis go bhfillfidh an fostaí ar obair ar

an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann nó ar an dul in éag sin, féadfaidh an fostaí, ina ionad sin, filleadh ar obair nuair a atosófar ar an obair san áit fostaíochta tar éis an stoptha nó an scoir, nó a luaithe is indéanta le réasún tar éis an atosaithe sin.

Forálacha a bhfuil feidhm acu i gcás nach gceadaítear d'fhostaí filleadh ar obair

26. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le fostaí a bheidh i dteideal faoin gCuid seo, tar éis dó nó di *alt 24* a chomhlíonadh go cuí, filleadh ar obair ach nach gceadóidh an fostóir iomchuí, de réir bhrí *alt 27(3)*, dó nó di déanamh amhlaidh agus, san alt seo, i ndáil le fostaí den sórt sin, ciallaíonn "an dáta tuartha chun filleadh ar obair" an dáta a mbeidh fógra tugtha ina thaobh faoi *alt 24* mar an dáta a raibh an fostaí ag súil leis go bhfillfeadh sé nó sí ar obair.

(2) Chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014, maidir le fostaí lena mbaineann an t-alt seo ar fostaí é nó í lena mbaineann na hAchtanna sin freisin, measfar gur dífhostaíodh é nó í mar gheall ar iomarcaíocht, agus measfar gurb é an dáta dífhostaithe an dáta tuartha chun filleadh ar obair.

(3) Chun críocha an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, measfar gur foirceannadh conradh fostaíochta fostaí lena mbaineann an t-alt seo ar fostaí é nó í lena mbaineann an tAcht sin freisin an dáta tuartha chun filleadh ar obair.

(4) Chun críocha Acht 1977—

(a) measfar go ndearnadh fostaí lena mbaineann an t-alt seo ar fostaí é nó í lena mbaineann an tAcht sin freisin a dhífhostú an dáta tuartha chun filleadh ar obair, agus

(b) measfar gur dífhostú éagórach an dífhostú mura rud é, ag féachaint do na himthosca go léir, go raibh cúiseanna maithe leis an dífhostú.

CUID 4

Díospóidí a Réiteach

Díospóidí maidir le teidil faoin Acht

27. (1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le díospóid a bhaineann le fostaí a dhífhostú.

(2) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le duine atá fostaithe mar chomhalta d'Óglaigh na hÉireann.

(3) Sa Chuid seo, ciallaíonn an "fostóir iomchuí", i ndáil le fostaí, fostóir an fhostaí.

(4) I *bhfo-alt (1)*, tá le "dífhostú" an bhrí cheanna atá leis in Acht 1977 ach amháin, le linn an míniú sin a chur chun feidhme chun críocha *fho-alt (1)*, go ndéanfar na bríonna céanna a thabhairt do na habairtí "fostaí", "fostóir" agus "conradh fostaíochta", i gcás go n-úsáidtear sa mhíniú sin iad, atá acu san Acht seo.

Breith faoi alt 41 nó 44 d'Acht 2015

28. (1) Maidir le breith ó oifigeach breithniúcháin faoi alt 41 d'Acht 2015 i ndáil le díospóid idir fostaí agus an fostóir iomchuí a bhaineann le haon teideal de chuid an fhostaí faoi *Chuid 2* nó *3* (nó aon ní a eascraíonn as teideal den sórt sin nó a

bhaineann leis), féadfaidh go mbeidh ar áireamh inti cibé ordacháin do na páirtithe sa díospóid is dóigh leis an oifigeach breithniúcháin is gá nó is fóirsteanach chun an díospóid a réiteach agus, más breith i bhfabhar an fhostaí an bhreith, ansin, gan dochar don chumhacht chun ordacháin den sórt sin a thabhairt, féadfaidh an t-oifigeach breithniúcháin a ordú—

(a) go ndéanfar saoire go ceann cibé tréimhse a shonrófar amhlaidh a dheonú don fhostaí,

(b) go ndéanfar cúiteamh a dhámhachtain (i bhfabhar an fhostaí a bheidh le híoc ag an bhfostóir iomchuí) de cibé méid, nach mó ná luach saothair 2 sheachtain i leith fhostaíocht an fhostaí a ríomhfar ar cibé modh a fhorordóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, is dóigh leis an oifigeach breithniúcháin is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, nó

(c) go ndéanfar saoire a dheonú amhlaidh agus cúiteamh a dhámhachtain amhlaidh.

(2) Maidir le breith ón gCúirt Oibreachais faoi alt 44 d'Acht 2015 ar achomharc i gcoinne breith dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh go mbeidh ar áireamh inti cibé ordacháin do na páirtithe san achomharc is dóigh leis an gCúirt Oibreachais is gá nó is fóirsteanach chun an ní a réiteach agus, más breith i bhfabhar an fhostaí an bhreith, ansin, gan dochar don chumhacht chun ordacháin den sórt sin a thabhairt, féadfaidh an Chúirt Oibreachais a ordú—

(a) go ndéanfar saoire go ceann cibé tréimhse a shonrófar amhlaidh a dheonú don fhostaí,

(b) go ndéanfar cúiteamh a dhámhachtain (i bhfabhar an fhostaí a bheidh le híoc ag an bhfostóir iomchuí) de cibé méid, nach mó ná luach saothair 2 sheachtain i leith fhostaíocht an fhostaí a ríomhfar ar cibé modh a fhorordóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, is dóigh leis an gCúirt Oibreachais is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, nó

(c) go ndéanfar saoire a dheonú amhlaidh agus cúiteamh a dhámhachtain amhlaidh.

(3) San alt seo, folaíonn "luach saothair" liúntais i modh pá agus sochair in ionad nó i dteannta pá.

Dualgas cruthúnais

29. (1) San alt seo—

ciallaíonn "idirdhealú"—

(a) mainneachtain, as a dtiocfaidh díospóid, foráil de chuid *Chuid 2* nó *3* a chomhlíonadh, nó

(b) dífhostú éagórach, de réir bhrí Acht 1977, fostaí arb é is cúis leis, go hiomlán nó go formhór, an fostaí d'fheidhmiú an chirt faoin Acht seo chun saoire atharthachta nó do bheartú an ceart sin a fheidhmiú;

tá le "fostaí", i ndáil le himeachtaí faoi Acht 1977, an bhrí chéanna atá leis in alt 1 den Acht sin;

forléireofar "idirdhealú neamhdhíreach" de réir alt 22 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 a mhéid a bhaineann an t-alt sin le hidirdhealú ar an bhforas stádais teaghlaigh de réir bhrí an Achta sin;

ciallaíonn "imeachtaí"—

(a) aon imeachtaí faoi Chuid 4 d'Acht 2015 i ndáil le díospóid idir fostaí agus an fostóir iomchuí a bhaineann le haon teideal de chuid an fhostaí faoi *Chuid 2* nó *3*—

(i) os comhair oifigeach breithniúcháin a bheidh ag déileáil le díospóid a bheidh tarchurtha chuig an oifigeach breithniúcháin ag fostaí, nó

(ii) os comhair na Cúirte Oibreachais,

nó

(b) aon imeachtaí faoi Acht 1977 os comhair oifigeach breithniúcháin nó na Cúirte Oibreachais ina ndéanfaidh fostaí éileamh ar shásamh faoin Acht sin mar gheall ar dhífhostú éagórach ar na forais gurb é ba chúis leis an dífhostú, go hiomlán nó go formhór, an fostaí d'fheidhmiú an chirt faoin Acht seo chun saoire atharthachta nó do bheartú an ceart sin a fheidhmiú,

agus folaíonn sé aon imeachtaí dá éis sin, lena n-áirítear imeachtaí ar achomharc, de dhroim an éilimh.

(2) Más rud é, in aon imeachtaí, go ndéanfaidh fostaí fíorais a shuíomh óna bhféadfar a thoimhdiú go ndearnadh idirdhealú nó idirdhealú neamhdhíreach i ndáil leis nó léi, is faoin bhfreagróir a bheidh sé a mhalairt a chruthú.

(3) Ní dochar an t-alt seo d'alt 6(6) d'Acht 1977 ná d'aon achtachán ná riail dlí eile i ndáil leis an dualgas cruthúnais in imeachtaí arbh fhéidir gur mhó fabhar d'fhostaí den sórt sin é nó í.

(4) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal láithreach cosanta d'fhostaithe i ndáil leis an dualgas cruthúnais in imeachtaí.

CUID 5

Sochar Atharthachta

Leasú ar alt 39 d'Acht 2005

30. Leasaítear alt 39(1) d'Acht 2005 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

"(da) sochar atharthachta,".

Sochar atharthachta

31. Leasaítear Cuid 2 d'Acht 2005 tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 11:

"CAIBIDIL 11A

Sochar Atharthachta

Léiriú
61A. (1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn 'Acht 1995' an tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995;

ciallaíonn 'Acht 2010' an tAcht Uchtála, 2010;

ciallaíonn '*Acht 2016*' an *tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*;

tá le 'máthair uchtála' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995;

tá le 'deimhniú suímh' an bhrí a shanntar dó le halt 13 d'Acht 1995;

tá le 'luí seoil' an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 9 agus forléireofar 'i luí seoil' dá réir sin;

forléireofar 'dáta luí seoil' de réir alt 51(1)(b);

tá le 'lá suímh' an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2016*;

tá le 'dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta' an bhrí chéanna atá leis in Acht 2010;

tá le 'seachtain thuartha luí seoil' an bhrí a shanntar dó le halt 61B(1)(b)(ii)(I);

tá le 'saoire atharthachta' an bhrí a shanntar dó le *halt 6 d'Acht 2016*;

forléireofar 'soláthraíonn cúram i ndáil le leanbh' de réir alt 61B(3);

ciallaíonn 'tuismitheoir uchtála iomchuí', i ndáil le leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú—

(a) i gcás go bhfuil an leanbh uchtaithe, nó go bhfuil an leanbh le huchtú, i gcomhpháirt ag lánúin phósta den ghnéas céanna, céile an tuismitheora iomchuí i ndáil leis an leanbh sin,

(b) máthair uchtála an linbh, nó

(c) fear-uchtaitheoir aonair an linbh;

ciallaíonn 'lá iomchuí' an chéad lá dá n-éilítear sochar atharthachta;

maidir le 'tuismitheoir iomchuí', i ndáil le leanbh—

(a) i gcás ranníocóir fostaithe, tá leis an bhrí a thugtar dó le *halt 2(1) d'Acht 2016*, agus

(b) i gcás duine i bhféinfhostaíocht inárachaithe, ciallaíonn sé duine (seachas máthair an linbh)—

(i) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú—

(I) i gcás go bhfuil an leanbh uchtaithe, nó go bhfuil an leanbh le huchtú, i gcomhpháirt ag lánúin phósta den ghnéas céanna, arb é nó í an céile arna roghnú ag an lánúin sin chun bheith ina thuismitheoir iomchuí nó ina tuismitheoir iomchuí chun críche na Caibidle seo é nó í, nó

(II) i gcás linbh seachas leanbh dá dtagraítear i gclásal (I), arb é nó í céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, mháthair uchtála nó fhear-uchtaitheoir aonair an linbh é nó í,

nó

(ii) in aon chás eile—

(I) arb é athair an linbh é,

(II) arb é nó í céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, mháthair an linbh é nó í, nó

(III) ar tuismitheoir leis an leanbh faoi alt 5 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 é nó í i gcás gur leanbh deontóir-ghinte de réir bhrí Chuid 2 den Acht sin an leanbh;

tá le 'fear-uchtaitheoir aonair' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1995 agus folaíonn sé, chun críche na Caibidle seo, duine a bheadh ina fhear-uchtaitheoir aonair murach nach fostaí de réir bhrí an Achta sin é;

ciallaíonn 'tuismitheoir marthanach', i ndáil le leanbh a bhfuair a thuismitheoir iomchuí nó a tuismitheoir iomchuí bás—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, tuismitheoir uchtála iomchuí an linbh, nó

(b) in aon chás eile, máthair an linbh;

tá le 'saoire atharthachta aistrithe' an bhrí a shanntar dó le *halt 15 d'Acht 2016*.

(2) Chun críche na Caibidle seo, aon tagairt do leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, is tagairt í do leanbh atá nó a bheidh ina ábhar nó ina hábhar—

(a) d'ordú uchtála de réir bhrí Acht 2010, nó

(b) d'uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí an Achta sin agus a aithnítear faoin Acht sin.

(3) Sa Chaibidil seo, folaíonn tagairt do mháthair linbh tagairt do bhean atá ag iompar clainne, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

Teideal chun sochair agus ré sochair

61B. (1) Faoi réir an Achta seo, beidh tuismitheoir iomchuí i dteideal sochar atharthachta i leith tréimhse ar lena linn a sholáthróidh an tuismitheoir iomchuí cúram i ndáil le leanbh más rud é—

(a) i gcás ranníocóir fostaithe, go ndeimhneoidh fostóir an tuismitheora iomchuí go bhfuil sé nó sí i dteideal saoire atharthachta faoi *Acht 2016*,

(b) i gcás duine i bhféinfhostaíocht inárachaithe—

(i) is tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i mír (b)(i) den mhíniú ar 'tuismitheoir iomchuí' in alt 61A(1)—

(I) go n-eiseofar deimhniú suímh i ndáil leis an leanbh, nó

(II) go n-eiseofar dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta i ndáil leis an leanbh agus go soláthrófar sonraí i scríbhinn i dtaobh an lae suímh nó an lae thuartha suímh,

nó

(ii) is tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i mír (b)(ii) den mhíniú ar 'tuismitheoir iomchuí' in alt 61A(1)—

(I) go ndeimhneoidh lia-chleachtóir cláraithe, nó go ndeimhneofar ar shlí eile chun sástacht an Aire, go dtuartar go mbeidh máthair an linbh i luí seoil i seachtain a bheidh sonraithe sa deimhniú (dá ngairtear 'an tseachtain thuartha luí seoil' san alt seo) ar seachtain í nach faide amach ná an líon forordaithe seachtainí tar éis na seachtaine sin ina dtabharfar an deimhniú, nó

(II) go ndeimhneoidh lia-chleachtóir cláraithe, nó go ndeimhneofar ar shlí eile chun sástacht an Aire, go bhfuil máthair an linbh i luí seoil,

agus

(c) faoi réir fho-alt (2), go gcomhlíonfaidh an tuismitheoir iomchuí na coinníollacha ranníoca in alt 61C.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin go dtabharfar teideal chun sochair atharthachta, faoi réir na gcoinníollacha agus sna himthosca a fhorordófar, don aicme nó do na haicmí daoine a bheadh i dteideal an tsochair sin murach na coinníollacha ranníoca in alt 61C gan a bheith comhlíonta.

(3) Beidh sochar atharthachta iníoctha faoin gCaibidil seo le tuismitheoir iomchuí i ndáil le leanbh d'fhonn a chumasú don tuismitheoir iomchuí cúram a sholáthar, nó cúnamh a thabhairt chun cúram a sholáthar, don leanbh nó tacaíocht a sholáthar do thuismitheoir uchtála iomchuí nó do mháthair an linbh, de réir mar a bheidh, nó d'fhonn an dá rud sin a dhéanamh, agus forléireofar 'soláthraíonn cúram i ndáil le leanbh' dá réir sin.

(4) Faoi réir fho-ailt (5) agus (7)(c)—

(a) ní bheidh ach aon sochar atharthachta amháin iníoctha i ndáil le leanbh, agus

(b) más rud é—

(i) gur cuid d'ilbhreith 2 leanbh nó níos mó breith an linbh, nó

(ii) go n-uchtóidh duine 2 leanbh nó níos mó ag an am céanna,

ní bheidh ach aon sochar atharthachta amháin iníoctha i ndáil leis na leanaí lena mbaineann.

(5) Ní oibreoidh fo-alt (4) chun cosc a chur le sochar atharthachta a íoc le tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i mír (b)(i) den mhíniú ar 'tuismitheoir iomchuí' in alt 61A(1) i ndáil le leanbh ar an aon chúis amháin go mbeidh sochar atharthachta íoctha cheana i ndáil leis an leanbh sin le duine seachas an tuismitheoir iomchuí lena mbaineann roimh an leanbh a uchtú.

(6) Beidh tuismitheoir marthanach linbh i dteideal sochar faoin gCaibidil seo amhail is dá mba é nó í an tuismitheoir iomchuí é nó í agus beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo (seachas alt 61C) i gcás an tuismitheora mharthanaigh más rud é—

(a) i gcás tuismitheoir marthanach is ranníocóir fostaithe, go ndeimhneoidh fostóir an tuismitheora mharthanaigh go bhfuil sé nó sí i dteideal saoire atharthachta aistrithe faoi *Acht 2016*, nó

(b) in aon chás eile, go bhfaighidh an tuismitheoir iomchuí a bheidh i dteideal sochar atharthachta i ndáil leis an leanbh bás roimh dhul in éag don ochtú seachtain is fiche tar éis an dáta luí seoil nó an lae suímh.

(7) Faoi réir na Caibidle seo, beidh sochar atharthachta iníoctha—

(a) i gcás ranníocóir fostaithe—

(i) don tréimhse saoire atharthachta a mbeidh an tuismitheoir iomchuí ina teideal faoi *Acht 2016*, nó

(ii) don tréimhse saoire atharthachta aistrithe a mbeidh tuismitheoir marthanach ina teideal faoi *Acht 2016*,

(b) i gcás duine i bhféinfhostaíocht inárachaithe—

(i) is tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i mír (b)(i) den mhíniú ar 'tuismitheoir iomchuí' in alt 61A(1), do 2 sheachtain as a chéile—

(I) dar tosach an lá suímh nó dá éis, agus

(II) dar críoch tráth nach déanaí ná 28 seachtaine tar éis an lae suímh,

nó

(ii) is tuismitheoir iomchuí dá dtagraítear i mír (b)(ii) den mhíniú ar 'tuismitheoir iomchuí' in alt 61A(1), do 2 sheachtain as a chéile—

(I) dar tosach an dáta luí seoil nó dá éis, agus

(II) dar críoch tráth nach déanaí ná 28 seachtaine tar éis an dáta luí seoil,

nó

(c) i gcás tuismitheoir marthanach a bheidh i dteideal sochar atharthachta faoi fho-alt (6)(b) agus—

(i) arb é nó í tuismitheoir uchtála iomchuí an linbh é nó í, do 2 sheachtain as a chéile lúide aon tréimhse dá mbeidh sochar atharthachta íoctha cheana i ndáil leis an leanbh—

(I) i gcás go mbeidh sé nó sí i dteideal nó ag fáil sochar uchtaíoch faoi Chaibidil 11, dar tosach an lá díreach tar éis an lae dheireanaigh dá n-éileoidh an tuismitheoir marthanach sochar uchtaíoch, nó

(II) in aon chás eile, laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (b)(i)(I) agus (II),

nó

(ii) arb í máthair an linbh í, do 2 sheachtain as a chéile lúide aon tréimhse dá mbeidh sochar atharthachta íoctha cheana i ndáil leis an leanbh—

(I) i gcás go mbeidh sí i dteideal nó ag fáil sochar máithreachais faoi Chaibidil 9, dar tosach an lá díreach tar éis an lae dheireanaigh dá n-éileoidh an tuismitheoir marthanach sochar máithreachais, nó

(II) in aon chás eile, laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (b)(ii)(I) agus (II),

ach i gcás go bhfaighidh an tuismitheoir marthanach bás, ní bheidh an sochar iníoctha d'aon lá dá éis sin.

(8) I gcás go dtiocfaidh tuismitheoir iomchuí a mbeidh sochar atharthachta iníoctha leis nó léi de réir fho-alt (7)(b) chun teideal a bheith aige nó aici—

(a) de bhun alt 47(4), chun sochair máithreachais faoi Chaibidil 9, nó

(b) de bhun alt 58(4)(b)(ii), chun sochair uchtaíoch faoi Chaibidil 11,

déanfar íoc an tsochair atharthachta a iarchur go dtí an lá díreach tar éis an lae dheireanaigh dá n-éileoidh an tuismitheoir iomchuí sochar máithreachais nó sochar uchtaíoch.

(9) I gcás go mbeidh tuismitheoir iomchuí i dteideal sochar atharthachta de réir fho-alt (1)(b)(ii)(I), féadfar íoc an tsochair atharthachta de réir na Caibidle seo a iarchur i gcás go dtarlóidh an dáta luí seoil tar éis na seachtaine tuartha luí seoil agus féadfar foráil maidir le tréimhse an iarchurtha sin a dhéanamh le rialacháin.

(10) I gcás go mbeidh an leanbh, ar i ndáil leis nó léi a bheidh an tuismitheoir iomchuí i dteideal sochar atharthachta, san ospidéal, féadfar íoc an tsochair atharthachta de réir na Caibidle seo a iarchur agus féadfar foráil maidir le tréimhse an iarchurtha sin a dhéanamh le rialacháin.

(11) I gcás go ndéanfar foráil faoi fho-alt (10) maidir le híoc sochair atharthachta a iarchur, féadfaidh an íocaíocht a bheith iníoctha tar éis na tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (7)(b)(i) nó (ii) ach ní dhéanfar í a iarchur go dtí lá is déanaí ná an lá díreach tar éis an lae a scaoilfear an leanbh amach as an ospidéal.

(12) Chun críocha an ailt seo, ní dhéileálfar le Domhnach i seachtain ar bith mar lá teidil chun sochair atharthachta agus, dá réir sin, is é a bheidh sa mhéid is iníoctha ar mhodh an tsochair sin d'aon lá eile de sheachtain an séú cuid den ráta seachtainiúil cuí, faoi réir an méid iomlán a bheidh á íoc tráth ar bith de bhua an fho-ailt seo a chothromú suas go dtí na 10 cent is gaire i gcás gur iolraí ar 5 cent é ach nach iolraí ar 10 cent freisin é, agus a chothromú go dtí na 10 cent is gaire i gcás nach iolraí ar 5 cent ná ar 10 cent é.

(13) I gcás ranníocóir fostaithe, i gcás go scoirfidh an fhostaíocht le linn na tréimhse dá mbeidh sochar atharthachta iníoctha faoin gCaibidil seo, leanfar de bheith ag déileáil leis an tairbhí amhail is nár tharla an teagmhas ba chúis leis an bhfostaíocht do scor.

(14) Faoi réir fho-alt (6), aon duine a bheidh i dteideal nó ag fáil sochar uchtaíoch faoi Chaibidil 11, de réir alt 58(4)(a)(i) nó (b)(i), ní bheidh sé nó sí i dteideal sochar faoin gCaibidil seo.

(15) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin chun a cheangal ar fhostóir nó ar aon duine eile aon fhaisnéis a thabhairt a bheidh ag teastáil d'fhonn éileamh ar shochar atharthachta a chinneadh.

(16) Beidh feidhm ag an alt seo—

(a) i gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, i gcás gurb é an 1 Meán Fómhair 2016 nó dáta dá éis sin an lá suímh i leith an linbh, nó

(b) in aon chás eile, i gcás gurb é an 1 Meán Fómhair 2016 nó dáta dá éis sin an dáta luí seoil i leith an linbh.

Coinníollacha chun sochar a fháil

61C. Is iad na coinníollacha ranníoca chun sochar atharthachta a fháil—

(a) i gcás ranníocóir fostaithe—

(i) (I) ranníocaí cáilitheacha i leith 39 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir sa tréimhse dar tosach an tráth a tháinig sé nó sí faoi árachas agus dar críoch díreach roimh an lá iomchuí, agus

(II) (A) ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 39 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir sa bhliain ranníoca iomlán leathdhéanach roimh thosach na bliana sochair ina dtarlaíonn an lá iomchuí nó i mbliain ranníoca iomlán dá éis sin roimh an lá iomchuí, nó

(B) ranníocaí cáilitheacha i leith 26 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir i ngach ceann de na blianta ranníoca iomlána arb iad an bhliain ranníoca iomlán leathdhéanach agus an bhliain ranníoca iomlán réamh-leathdhéanach roimh thosach na bliana sochair ina dtarlaíonn an lá iomchuí iad,

nó

(ii) ranníocaí cáilitheacha i leith 39 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir sa 12 mhí díreach roimh an lá iomchuí nó, tar éis dó nó di a bheith i bhféinfhostaíocht inárachaithe, na coinníollacha ranníoca i mír (b) a bheith comhlíonta aige nó aici,

agus

(b) i gcás duine atá i bhféinfhostaíocht inárachaithe—

(i) ranníocaí cáilitheacha i leith 52 sheachtain ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir sa bhliain ranníoca iomlán leathdhéanach nó sa bhliain ranníoca iomlán réamh-leathdhéanach roimh thosach na bliana sochair ina dtarlaíonn an lá iomchuí, nó i mbliain ranníoca iomlán dá éis sin roimh an lá iomchuí, nó

(ii) i gcás go raibh an t-éilitheoir ina ranníocóir fostaithe roimhe sin, na coinníollacha ranníoca i mír (a)(i) a bheith comhlíonta aige nó aici nó ranníocaí fostaíochta i leith 39 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith aige nó aici sa 12 mhí díreach roimh an lá iomchuí.

An ráta sochair

61D. Faoi réir an Achta seo, is é an ráta seachtainiúil sochair atharthachta méid is comhionann leis an méid is mó díobh seo a leanas—

(a) an méid sochair breoiteachta, lena n-áirítear aon mhéaduithe ar an sochar sin, a gheobhadh an duine thairis sin dá mbeadh sé nó sí i dteideal an tsochair sin, nó

(b) €230.

Dícháiliú

61E. Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin go ndícháileofar tuismitheoir iomchuí nó tuismitheoir marthanach chun sochar atharthachta a fháil más rud é go ngabhfaidh sé nó sí, le linn na tréimhse dá mbeidh an sochar iníoctha, d'aon chineál fostaíochta inárachaithe, d'fhostaíocht inárachaithe (díobhálacha ceirde), d'fhéinfhostaíocht inárachaithe, d'aon fhostaíocht dá dtagraítear i mír 1, 2, 3 nó 6 de Chuid 2 de Sceideal 1 nó d'aon fhéinfhostaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó 5 de Chuid 3 de Sceideal 1.".

CUID 6

Ilghnéitheach

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

32. Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967—

(a) i mír 5, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (d):

"(e) aon tréimhse ar lena linn a bhí fostaí as láthair ón obair le linn dó nó di a bheith ar shaoire atharthachta nó ar shaoire atharthachta aistrithe faoin *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*,",

agus

(b) i mír 8A—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

"(ba) tréimhse ar lena linn, de réir an *Achta um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*, a bhí fostaí as láthair ón obair le linn dó nó di a bheith ar shaoire atharthachta nó ar shaoire atharthachta aistrithe de réir bhrí an Achta sin,",

agus

(ii) i bhfomhír (c), trí "i míreanna (a), (b) nó (ba)" a chur in ionad "i míreanna (a) nó (b)".

Leasú ar alt 6 d'Acht 1977

33. Leasaítear alt 6 d'Acht 1977—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (h), trí "réamhuchtála," a chur in ionad "réamhuchtála." , agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):

"(i) an fostaí d'fheidhmiú an chirt faoin *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016* chun saoire atharthachta nó saoire atharthachta aistrithe de réir bhrí an Achta sin, nó do bheartú an chirt sin a fheidhmiú,",

agus

(b) i bhfo-alt (2A), trí ", (h) nó (i)" a chur in ionad "nó (h)".

Leasú ar Acht 1994

34. Leasaítear Acht 1994—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in alt 2:

"tá le 'saoire atharthachta' agus 'saoire atharthachta aistrithe' na bríonna céanna atá leo san *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*;",

(b) in alt 14—

(i) i bhfo-alt (1), trí "agus, más infheidhme, aon tréimhse saoire atharthachta aistrithe arna tógáil aici" a chur isteach i ndiaidh "dheireadh a saoire máithreachais", sa dá áit a bhfuil sé, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Tabharfar fógra faoi fho-alt (3) an tráth céanna a thabharfar an fógra iomchuí faoi alt 9 nó tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine—

(a) roimh an dáta arbh é an dáta tuartha chun filleadh ar obair a bheadh ag an bhfostaí faoi Chuid IV dá mba rud é nár thóg sí an tsaoire mháithreachais bhreise, nó

(b) i gcás go dtógfaidh an fostaí saoire atharthachta aistrithe, roimh an dáta a bheidh an tsaoire mháithreachais bhreise le tosú faoi fho-alt (1).",

(c) in alt 14A(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) Déanfar tagairt i bhfo-alt (1) do na 4 seachtaine deireanacha de shaoire mháithreachais, i gcás fostaí a thógfaidh saoire atharthachta aistrithe, a fhorléiriú mar thagairt don 2 sheachtain dheireanacha de shaoire mháithreachais agus do thréimhse na saoire atharthachta aistrithe sin.",

agus

(d) in alt 16—

(i) i bhfo-alt (1), trí "agus faoi réir fho-alt (10)" a chur isteach i ndiaidh "de réir an ailt seo",

(ii) i bhfo-alt (3), trí "Faoi réir fho-alt (10) agus alt 16B," a chur in ionad "Faoi réir alt 16B,",

(iii) i bhfo-alt (4), trí "nó, más infheidhme, saoire atharthachta faoi *alt 13(1)* den *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*" a chur isteach i ndiaidh "a shaoire faoi fho-alt (1)(a)" sa dá áit a bhfuil sé,

(iv) i bhfo-alt (6), trí "faoi fho-alt (4)." a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina ionad:

faoi fho-alt (4) nó, i gcás go dtógfaidh sé saoire atharthachta faoi *alt 13(1)* den *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*, an dáta a bheidh an tsaoire bhreise le tosú faoi fho-alt (4).",

(v) i bhfo-alt (8)—

(I) trí "agus míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (10)" a chur isteach i ndiaidh "fo-ailt (1) agus (4)", agus

(II) trí "sna fo-ailt nó sna míreanna sin" a chur in ionad "sna fo-ailt sin",

agus

(vi) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) Más rud é, ar an dáta a thiocfaidh duine, faoi fho-alt (1), chun bheith i dteideal saoire faoin bhfo-alt sin, go mbeidh an duine ar shaoire atharthachta, beidh feidhm ag an alt seo agus ag ailt 16A agus 16B maidir leis an duine faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) i gcás go mbeidh an duine i dteideal saoire faoi fho-alt (1)(a), tosóidh an tsaoire díreach tar éis dheireadh na saoire atharthachta

agus, faoi réir alt 16B, tiocfaidh deireadh léi ag deireadh an cheathrú seachtain is fiche tar éis dheireadh na saoire atharthachta;

(b) i gcás go mbeidh an duine i dteideal saoire faoi fho-alt (1)(b), tosóidh an tsaoire díreach tar éis dheireadh na saoire atharthachta agus, faoi réir ailt 16A agus 16B, tiocfaidh deireadh léi ag deireadh an daicheadú seachtain tar éis dheireadh na saoire atharthachta;

(c) maidir le tagairt san alt seo agus in ailt 16A agus 16B—

(i) do shaoire faoi fho-alt (1)(a), measfar go bhfolaíonn sí tagairt do thréimhse saoire lena mbaineann mír (a), agus

(ii) do shaoire faoi fho-alt (1)(b), measfar go bhfolaíonn sí tagairt do thréimhse saoire lena mbaineann mír (b).".

Leasú ar Acht 1995

35. Leasaítear Acht 1995—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in alt 2:

"tá le 'saoire atharthachta' agus 'saoire atharthachta aistrithe' na bríonna céanna atá leo san *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*;",

(b) in alt 8(1)—

(i) trí "a bheidh i dteideal saoire uchtaíoch nó saoire atharthachta aistrithe nó a bheidh ar shaoire uchtaíoch nó ar shaoire atharthachta aistrithe" a chur in ionad "nó a bheidh i dteideal saoire uchtaíche nó a bheidh ar shaoire uchtaíoch", agus

(ii) i mír (b), trí "nó, más infheidhme, aon tréimhse saoire atharthachta aistrithe" a chur isteach i ndiaidh "an tsaoire uchtaíoch bhreise",

(c) in alt 8(3), trí "an tsaoire uchtaíoch bhreise." a scriosadh agus "an tsaoire uchtaíoch bhreise nó, i gcás go dtógfaidh an mháthair uchtála fhostaithe (nó an fear-uchtaitheoir aonair) saoire atharthachta aistrithe, roimh an dáta a bheidh an tsaoire uchtaíoch bhreise le tosú faoi fho-alt (1)(b)." a chur ina ionad,

(d) in alt 9, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Tosóidh an tréimhse saoire uchtaíche dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ar an gceann is déanaí díobh seo a leanas:

(a) laistigh de 7 lá ó bhás na máthar uchtála,

(b) an lá suímh, nó

(c) más rud é, ar dháta bhás na máthar uchtála, go mbeidh an t-athair uchtála ar shaoire atharthachta, díreach tar éis dheireadh na saoire atharthachta.",

agus

(e) in alt 10, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Tosóidh an tréimhse saoire uchtaíche breise dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) laistigh de 7 lá ó bhás na máthar uchtála,

(b) más rud é, ar dháta bhás na máthar uchtála, go mbeidh an t-athair uchtála ar shaoire atharthachta, díreach tar éis dheireadh na saoire atharthachta, nó

(c) i gcás go raibh an t-athair uchtála ar shaoire uchtaíoch, an lá díreach tar éis dheireadh na saoire sin.".

Leasú ar alt 126 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

36. Leasaítear alt 126 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i mír (a) d'fho-alt (2A)—

(a) trí "agus" a scriosadh i ndiaidh "uchtaíoch," i bhfomhír (ii),

(b) trí "sábháilteachta, agus" a chur in ionad "sábháilteachta." i bhfomhír (iii), agus

(c) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

"(iv) sochar atharthachta.".

Leasú ar Acht 2015

37. Leasaítear Acht 2015—

(a) i bhfo-alt (7) d'alt 41—

(i) i mír (d), trí "agus" a scriosadh i ndiaidh "a laghdú,",

(ii) i mír (e), trí "an díospóid, agus" a chur in ionad "an díospóid.", agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

"(f) i gcás díospóid a bhaineann le teideal fostaí faoin *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*, go mbeidh sí tarchurtha chuig an Ard-Stiúrthóir tar éis dul in éag don tréimhse 6 mhí dar tosach—

(i) i gcás fostaí lena mbaineann mír (a) den mhíniú ar thuismitheoir iomchuí de réir bhrí an Achta sin, an lá suímh de réir bhrí an Achta sin nó, in imthosca nach dtarlóidh aon suíomh, an dáta a gheobhaidh an fostóir an chéad fhógra á rá go bhfuil sé ar intinn ag an tuismitheoir iomchuí saoire a thógáil faoin Acht sin,

(ii) i gcás fostaí lena mbaineann mír (b) den mhíniú ar thuismitheoir iomchuí de réir bhrí an Achta sin, an dáta a chuirfear in iúl don fhostóir go bhfuil an bhean lena mbaineann atá ag iompar clainne torrach,

(iii) i gcás tuismitheoir marthanach de réir bhrí an Achta sin, an dáta a chuirfear in iúl don fhostóir go bhfuil an tuismitheoir uchtála iomchuí de réir bhrí an Achta sin nó máthair an linbh, de réir mar a bheidh, tar éis bás a fháil.",

(b) i gCuid 1 de Sceideal 1, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 20:

"21. *An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*",

(c) i gCuid 3 de Sceideal 5, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 5:

"6. *Codanna 2* agus *3* den *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*",

agus

(d) i Sceideal 6—

(i) i gCuid 1 (Achtanna an Oireachtais), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 35:

"36. *Alt 28(1)* den *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*",

agus

(ii) i gCuid 2 (Achtanna an Oireachtais), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 35:

"36. *Alt 28(2)* den *Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016*".